AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.10.2025
COM(2025) 563 final

TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE

Faisnéis airgeadais maidir leis an gCiste Eorpach Forbraíochta (CEF): Réamhaisnéisí gealltanas, íocaíochtaí agus ranníocaíochtaí ó na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta le haghaidh 2025, 2026, 2027 agus réamhaisnéisí neamhcheangailteacha le haghaidh 2028 go 2029

1. BROLLACH[1]

I gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle[2] maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (dá ngairtear 'Rialachán Airgeadais an 11ú CEF' anseo feasta), cuireann an Coimisiún i láthair sa doiciméad seo meastacháin na ngealltanas[3], na n-íocaíochtaí agus na ranníocaíochtaí le haghaidh na tréimhse 2025-2027, i bhfianaise réamhaisnéisí an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI).

Leagtar amach sa doiciméad seo cur chun feidhme airgeadais na CEFanna (an 9ú CEF go dtí an 11ú CEF) le haghaidh 2025 go dtí 2027. Ina theannta sin, leis an doiciméad déantar meastacháin neamhcheangailteacha maidir le ranníocaíochtaí CEF ó na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta le haghaidh 2028-2029.

Na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta, ranníocann siad cistí go díreach le BEI le haghaidh na n-ionstraimí a bhíonn á mbainistiú aige faoin 9ú, faoin 10ú, agus faoin 11ú CEF (an tSaoráid Infheistíochta agus fóirdheontais ráta úis).

2. RÉAMHRÁ

Tá a réamhaisnéisí le haghaidh 2025, 2026 agus 2027 tugtha cothrom le dáta ag an gCoimisiún agus ag BEI maidir le gach ceann de na tíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) agus maidir leis na Tíortha agus Críocha Thar Lear (TCTLanna). Tiomsaíodh na réamhaisnéisí íocaíochta go háirithe d'fhonn cuidiú leis na páirtithe sa Chiste Eorpach Forbraíochta measúnú chomh cruinn agus is féidir a dhéanamh ar na méideanna is gá dóibh a chur in áirithe ina mbuiséad náisiúnta agus, an tráth céanna, a áirithiú go mbeidh acmhainní airgeadais leordhóthanacha ar fáil do CEF chun fadhbanna leachtachta a sheachaint.

I gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Rialachán Airgeadais an 11ú CEF, tugadh na meastacháin ar ghealltanais agus ar íocaíochtaí cothrom le dáta tar éis na réamhaisnéisí is déanaí.

Léirítear sa ghraf thíos an t-athrú ginearálta ar ghealltanais agus íocaíochtaí comhlána idir 1999 agus 2024, mar aon leis na réamh-mheastacháin le haghaidh na tréimhse 2025-2027 (méideanna carntha ón gCoimisiún agus ó BEI).


---

1 Cuirtear san áireamh sa doiciméad seo Airteagail 152 agus 153 de chomhaontú um tharraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, ina sonraítear go leanfaidh an Ríocht Aontaithe de bheith ina páirtí sa Chiste Eorpach Forbraíochta (CEF) go dtí go ndúnfar an 11ú CEF agus gach CEF eile roimhe sin atá fós gan dúnadh; mar sin féin, ní athúsáidfear sciar na Ríochta Aontaithe de chistí saortha ó thionscadail faoin 11ú CEF nó faoi CEFanna roimhe sin.

2 Rialachán (AE) 2018/1877 ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir leis an rialachán airgeadais is infheidhme i dtaca leis an 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/323 (IO L 307, 3.12.2018, lgh. 1-21).

3 Gealltanais maidir leis na cistí a eascraíonn as athúsáid an 10ú agus an 11ú CEF de réir Chinneadh (AE) 2022/1223 ón gComhairle an 12 Iúil 2022 a bhaineann le leithdháileadh cistí saortha ó thionscadail faoin 10ú agus faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta chun críche gníomhaíochtaí maoinithe lena dtugtar aghaidh ar ghéarchéim na slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtíortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine.

Gealltanais agus íocaíochtaí comhlána: treocht 1999-2027 (EUR milliúin)



	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009	2010	2011	2012	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027
COMMITMENTS	2,958	4,007	1,927	2,125	4,137	2,972	4,020	4,049	3,922	5,241	4,158	3,113	3,740	4,430	5,600	1,764	6,083	7,797	6,885	6,089	5,300	5,947	179	600	0	0	0	0	0
PAYMENTS	1,352	1,640	1,779	1,922	2,349	2,558	2,704	3,062	3,251	3,483	3,359	3,660	3,308	3,675	3,383	3,943	3,583	4,095	4,712	4,505	4,365	5,345	4,048	2,913	2,830	2,185	1,395	894	500

Tabhair faoi deara: Figiúirí ó chur chun feidhme na gCistí Eorpacha Forbraíochta go dtí an 31 Nollaig 2023 (gealltanais agus íocaíochtaí) agus réamhaisnéisí le haghaidh 2024-2026. Ós rud é go ndeachaigh clásal éagtha an 11ú CEF in éag an 31.12.2020, níl aon ghealltanas nua ann cé is moite de na gealltanais seo a leanas:

(1) na cistí a eascraíonn as athshreabha faoi Shaoráid Infheistíochta ACC ó oibríochtaí faoin 9ú, 10ú agus 11ú CEF (Tag. – síneadh na Saoráide Infheistíochta go dtí 2021, le Cinneadh (AE) 2020/2233 ón gComhairle), agus

(2) gealltanais maidir leis na cistí a eascraíonn as athúsáid chúlchiste an 10ú & an 11ú CEF faoi Chinneadh (AE) 2022/1223 ón gComhairle, maidir leis na bearta speisialta le haghaidh fhreagairt an Aontais ar an ngéarchéim slándála bia agus ar an turraing eacnamaíoch i dtiortha san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine.

3. RÉAMHAISNÉISÍ AIRGEADAIS LE hAGHAIDH 2025-2027 (EUR MILLIÚIN)

Sa tábla seo a leanas, tugtar na gealltanais, na híocaíochtaí agus na ranníocaíochtaí cothrom le dáta, bunaithe ar na réamhaisnéisí is déanaí ón gCoimisiún.

Réamhaisnéisí 2025-2027 (*)		**2025**	**2026**	**2027**
Gealltanais	An Coimisiún	0	0	0
	BEI	0	0	0
	Iomlán	0	0	0
Íocaíochtaí	An Coimisiún	1 000	750	500
	BEI	395	144	
	Iomlán	1 395	894	500
Ranníocaíochtaí	An Coimisiún (an 11ú CEF)	800	700	460
	BEI (an 11ú CEF)**	9	0	0
	Iomlán	809	700	460

* Méideanna comhlána, i.e. níor asbhaineadh aon saoradh ná aon aisghabhálacha/athshreabha. Tá an cur chuige sin i gcomhréir leis an gcur chuige a úsáidtear le haghaidh bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh.

** Ghlaoigh BEI a sciar uile den 11ú CEF leis an gcéad tráthchuid de 2025.

4. MEASTACHÁIN NEAMHCHEANGAILTEACHA AR RANNÍOCAÍOCHTAÍ LE HAGHAIDH 2027 - 2028 (EUR MILLIÚIN)

Réamhaisnéisí 2028-2029*		2028	2029
Ranníocaíochtaí	An Coimisiún (an 11ú CEF)	400	300
	BEI (an 11ú CEF)**	0	0
	Iomlán	400	300

*Airteagal 19(2) de Rialachán Airgeadais an 11ú CEF: réamhaisnéis tháscach neamhcheangailteach bunaithe ar chur chuige staidrimh maidir leis na méideanna bliantúla ranníocaíochtaí a bhfuil coinne leo

** Ghlaoigh BEI a sciar uile den 11ú CEF leis an gcéad tráthchuid de 2025.

5. RÉAMHAISNÉISÍ CUR CHUN FEIDHME AIRGEADAIS LE HAGHAIDH 2025-2027[4]

I gcás 2025 agus 2026, níl aon athrú ar na meastacháin maidir le híocaíochtaí agus le ranníocaíochtaí pháirtithe CEF i gcomparáid le Teachtaireacht mhí an Mheithimh 2025. Inár meastacháin le haghaidh 2027, deimhnítear treocht anuas maidir le híocaíochtaí.

Maidir leis na cistí neamhgheallta agus saortha ón Naoú CEF, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an EUR 1.2 milliún atá ar fáil faoi láthair sa Naoú cúlchiste a aisíoc le 'Ballstáit AE-15'[5]. Déanfar an aisíocaíocht sin tríd an méid atá le híoc ag 'Ballstáit AE-15' don chéad tráthchuid 2026 a laghdú (i.e. an cur chuige céanna a bhí ann sna blianta roimhe sin). Leanfar d'aon iarmhéid atá fágtha i gcúlchiste an Naoú CEF a aisíoc, i bprionsabal, uair amháin sa bhliain go dtí go ndéanfar na cistí neamhgheallta nó saortha a aisíoc ina n-iomláine.

Maidir le **cúlchistí an 10ú agus an 11ú CEF**, d'iarr an Ríocht Aontaithe go foirmiúil i mí an Mhárta 2023 go n-aisíocfadh an Coimisiún sciar gan íoc na Ríochta Aontaithe de chúlchistí an 10ú agus an 11ú CEF, trí é a fhritháireamh in aghaidh ranníocaíochtaí CEF atá fágtha acu. Rinneadh an iarraidh sin i gcomhréir le hAirteagal 153 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ina sonraítear nach féidir sciar na Ríochta Aontaithe de chúlchistí CEF a athúsáid. Go dtí seo, aisíocadh EUR 233.2 milliún[6] san iomlán leis an Ríocht Aontaithe. I gcás aon chiste saortha a bheidh ann amach anseo, leanfaimid den aisíoc tríd an gcur chuige glanáirimh den ghnáthchineál a úsáid ar an dara tráthchuid gach bliain[7].

Léirítear i gceangaltáin 1, 2 agus 3, faoi seach, na réamhaisnéisí maidir le gealltanais, na réamhaisnéisí íocaíochtaí agus an staid airgeadais i gcomparáid leis na réamhaisnéisí a rinneadh roimhe sin le haghaidh na tréimhse 2025-2029.

[4] Is leis an gCoimisiún Eorpach amháin a bhaineann na figiúirí a chuirtear i láthair san insint seo; cuimsítear figiúirí BEI i dtáblaí 5.2 agus 5.3.

[5] Leis an aisíocaíocht sin, is é EUR 1.926 billiún an méid iomlán a bheidh aisíoctha le 'Ballstáit AE-15', ó bhí 2015 ann, ón Naoú cúlchiste.

[6] D'aisíoc an Coimisiún EUR 154,12 milliún leis an Ríocht Aontaithe in 2023, EUR 49 milliún in 2024 agus EUR 30 milliún in 2025.

[7] I mí Feabhra 2025, d'iarr an Ríocht Aontaithe go foirmiúil go n-aisíocfaí na cúlchistí CEF le haghaidh an 10ú agus an 11ú CEF, uair amháin in aghaidh na bliana in éineacht leis an dara tráthchuid.

Léirítear i gceangaltáin 4 agus 5, faoi seach, na ranníocaíochtaí le haghaidh 2026 agus le haghaidh 2027 in aghaidh na tráthchoda agus in aghaidh pháirtí CEF. Léirítear i gceangaltán 6 na ranníocaíochtaí bliantúla le haghaidh na tréimhse 2026-2029 in aghaidh pháirtí CEF.

5.1. Ceangaltán 1: Réamhaisnéisí gealltanas[8] le haghaidh 2025 go 2027 (EUR milliúin)

	Figiúirí le haghaidh 2025		Figiúirí le haghaidh 2026		Figiúirí le haghaidh 2027	
	Teachtaireacht mhí an Mheithimh 2025	Teachtaireacht mhí Dheireadh Fómhair 2025	Teachtaireacht mhí an Mheithimh 2025	Teachtaireacht mhí Dheireadh Fómhair 2025	Teachtaireacht mhí an Mheithimh 2025	Teachtaireacht mhí Dheireadh Fómhair 2025
Réigiúin						
An Afraic Thoir agus Láir						
An Afraic Thiar agus Deisceart na hAfraice						
Muir Chairib						
An tAigéan Ciúin						
Fo-iomlán						
Eile						
Bearta speisialta maidir le Slándáil Bia						
Forbairt an Duine, Cearta an duine						
AE-an Afraic, an tSaoráid um Shíocháin san Afraic						
Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic						
An Pláinéad agus an Rathúnas						
Acmhainní, Meastóireacht, Próiseas						
AS ECHO, EACEA, AS EAC						
Fo-iomlán						
Iomlán an Choimisiúin Eorpaigh	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**
Fóirdheontais na Saoráide Infheistíochta (*)		**0**		**0**		**0**
Iomlán BEI	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**
Iomlán CE+BEI	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**	**0**

* Lena n-áirítear fóirdheontas le haghaidh cúnamh teicniúil agus fóirdheontais ráta úis ón CEF reatha agus eisíocaíocht fóirdheontas ráta úis faoi na CEFanna a bhí ann roimhe sin

	Figiúirí le haghaidh 2025	Figiúirí le haghaidh 2026	Figiúirí le haghaidh 2027

[8] Gealltanais chomhlána, i.e. gan cistí saortha a asbhaint.

	Teachtaireacht mhí an Mheithimh 2025	Teachtaireacht mhí Dheireadh Fómhair 2025	Teachtaireacht mhí an Mheithimh 2025	Teachtaireacht mhí Dheireadh Fómhair 2025	Teachtaireacht mhí an Mheithimh 2025	Teachtaireacht mhí Dheireadh Fómhair 2025
Ciste imrothlach na saoráide infheistíochta**		0		0		0

**An gealltanas faoin gciste imrothlach, ní féidir é a chomhtháthú sna gealltanais bhuiséadacha. Dá bhrí sin, déanfar é a thuairisciú ar leithligh.

5.2. Ceangaltán 2: Réamhaisnéisí íocaíochtaí[9] le haghaidh 2025 go 2027 (EUR milliúin)

	Figiúirí le haghaidh 2025		Figiúirí le haghaidh 2026		Figiúirí le haghaidh 2027	
	Teachtaireacht mhí an Mheithimh 2025	Teachtaireacht mhí Dheireadh Fómhair 2025	Teachtaireacht mhí an Mheithimh 2025	Teachtaireacht mhí Dheireadh Fómhair 2025	Teachtaireacht mhí an Mheithimh 2025	Teachtaireacht mhí Dheireadh Fómhair 2025
Réigiúin						
An Afraic Thoir agus Láir	220	220				
An Afraic Thiar agus Deisceart na hAfraice	415	415				
Muir Chairib	80	80				
An tAigéan Ciúin	35	35				
Fo-iomlán	**750**	**750**				
Eile						
Bearta speisialta maidir le Slándáil Bia	40	40				
Forbairt an Duine, Cearta an duine	10	10				
AE-an Afraic, an tSaoráid um Shíocháin san Afraic	35	35				
Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic	30	30				
An Pláinéad agus an Rathúnas	90	90				
Acmhainní, Meastóireacht, Próiseas	40	40				
AS ECHO, EACEA, AS EAC	5	5				
Fo-iomlán (*)	**250**	**250**				
Iomlán an Choimisiúin Eorpaigh	**1 000**	**1 000**	**750**	**750**	**0**	**500**
Fóirdheontais na Saoráide Infheistíochta (**)	68	46	10	80		0

[9] Gealltanais chomhlána, i.e. gan aisghabhálacha a asbhaint.

Iomlán BEI	68	**46**	10	**80**	0	**0**
Iomlán CE+BEI	1 068	**1 046**	760	**830**	0	**500**

*Mar gheall ar na héifeachtaí slánúcháin, d'fhéadfadh miondifríochtaí a bheith ann idir suim na méideanna aonair slánaithe a léirítear agus na hiomláin chomhfhreagracha

** Lena n-áirítear fóirdheontas le haghaidh cúnamh teicniúil agus fóirdheontais ráta úis ón CEF reatha agus eisíocaíocht fóirdheontas ráta úis faoi na CEFanna a bhí ann roimhe sin

	Figiúirí le haghaidh 2025		**Figiúirí le haghaidh 2026**		**Figiúirí le haghaidh 2027**	
	Teachtaireacht mhí an Mheithimh 2025	**Teachtaireacht mhí Dheireadh Fómhair 2025**	**Teachtaireacht mhí an Mheithimh 2025**	**Teachtaireacht mhí Dheireadh Fómhair 2025**	**Teachtaireacht mhí an Mheithimh 2025**	**Teachtaireacht mhí Dheireadh Fómhair 2025**
Ciste imrothlach na saoráide infheistíochta ***	349	**349**	64	**64**	0	

*** Ní féidir an eisíocaíocht faoin gciste imrothlach a chomhshamhlú le hollíocaíocht bhuiséadach. Dá bhrí sin, déanfar é a thuairisciú ar leithligh.

5.3. Ceangaltán 3: Réamhaisnéisí airgeadais le haghaidh 2025-2027 agus meastacháin neamhcheangailteacha le haghaidh 2028-2029 (EUR milliúin)

		Teachtaireacht mhí an Mheithimh 2025 [1]			Teachtaireacht mhí Dheireadh Fómhair 2025 [1]		
		An Coimisiún	BEI	IOMLÁN	An Coimisiún	BEI	IOMLÁN
	Iarmhéid an 31/12/2024 [4,6]	**411**	**675**	**1 086**	**411**	**675**	**1 086**
2025	**Ranníocaíochtaí na mBallstát & na Ríochta Aontaithe le haghaidh 2025:**	**800**	**9**	**809**	**800**	**9**	**809**
	An chéad tráthchuid	350	9	359	350	9	359
	An dara tráthchuid	250		250	250		250
	An tríú tráthchuid	200		200	200		200
	Athshreabha [2]		328	328		244	244
	Ranníocaíocht & Coigeartú 2025 a fuarthas in 2024	- 43		- 43	- 43		- 43
	Aisghabhálacha, ús agus coigeartú	50		50	50		50
	Aisíocaíocht an 9ú CEF leis na Ballstáit & an Ríocht Aontaithe	-6		- 6	-6		- 6
	Aisíocaíocht an 10ú agus an 11ú CEF leis an Ríocht Aontaithe	-30,0		- 30	-30,0		- 30
	Iomlán na n-íocaíochtaí [3]	- 1 000	- 417	- 1 417	- 1 000	- 395	- 1 395
	Iarmhéid an 31/12/2025 [4,6]	**181**	**595**	**776**	**181**	**533**	**714**
2026	**Ranníocaíochtaí na mBallstát & na Ríochta Aontaithe le haghaidh 2026:**	**700**	**0**	**700**	**700**	**0**	**700**
	An chéad tráthchuid	300		300	300		300
	An dara tráthchuid	250		250	250		250
	An tríú tráthchuid	150		150	150		150
	Athshreabha [2]			0			0
	Aisghabhálacha, ús agus coigeartú	50		50	50		50
	Aisíocaíocht Mheasta an 10ú & an 11ú CEF leis an Ríocht Aontaithe[7]	- 40		- 40	- 40		- 40
	Aisíocaíocht an 9ú CEF leis na Ballstáit & an Ríocht Aontaithe			0	- 1		- 1
	Iomlán na n-íocaíochtaí [3]	- 750	- 74	- 824	- 750	- 144	- 894
	Iarmhéid an 31/12/2026 [4,6]	**141**	**521**	**662**	**140**	**389**	**529**
2027	**Ranníocaíochtaí na mBallstát & na Ríochta Aontaithe le haghaidh 2027** [5]	**460**	**0**	**460**	**460**	**0**	**460**
	An chéad tráthchuid				200		200
	An dara tráthchuid				160		160
	An tríú tráthchuid				100		100
	Athshreabha [2]						0
	Aisghabhálacha, ús agus coigeartú				50		50
	Aisíocaíocht Mheasta an 10ú & an 11ú CEF leis an Ríocht Aontaithe7				- 20		- 20
	Aisíocaíocht Mheasta an 9ú CEF leis na Ballstáit agus leis an Ríocht Aontaithe[8]						0
	Iomlán na n-íocaíochtaí [3]				- 500		- 500
	Iarmhéid an 31/12/2027 [4,6]				**130**	**389**	**519**
2028	**Ranníocaíochtaí na mBallstát & na Ríochta Aontaithe le haghaidh 2028** [5]	**400**	**0**	**400**	**400**	**0**	**400**
2029	**Ranníocaíochtaí na mBallstát & na Ríochta Aontaithe le haghaidh 2029** [5]				**300**	**0**	**300**

[1] Cistí atá ar fáil le haghaidh oibríochtaí;

[2] Gan díscríobh, táillí bainistíochta BEI agus costais eile amhail babhtálacha/fálú a áireamh; ní chuimsítear sciar na Ríochta Aontaithe de na hathshreabha, de réir Airt. 153 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, ní athúsáidfear iad sin. Féach Ráitis Airgeadais na Saoráide Infheistíochta chun na mionsonraí iomlána a fháil.

[3] Lena n-áirítear fóirdheontais rátaí úis faoi na CEFanna roimhe seo;

[4] Ní chuimsítear leis na hiarmhéideanna an méid seo a leanas: (i) Cómhaoiniú a fuarthas, (ii) Fáltais sa bhanc nár leithdháileadh ar líne shonrach CEF go fóill

[5] Airteagal 19(2)(d): Rialachán Airgeadais: réamhaisnéis neamhcheangailteach bunaithe ar chur chuige staidrimh maidir leis na ranníocaíochtaí bliantúla a bhfuil coinne leo

[6] Tá iarmhéid BEI gaolmhar le cineál na Saoráide Infheistíochta. Féach Ráitis Airgeadais na Saoráide Infheistíochta, áit a bhfaighidh tú an léargas iomlán agus an t-iarmhéid mionsonraithe amhail ag deireadh na bliana

[7] Meastachán an-gharbh é seo bunaithe ar anailís stairiúil ar ráta saortha na CEFanna roimhe seo

[8] Cinnfear an meastachán ar aisíocaíocht an naoú CEF le linn 2027, de réir ár réamh-mheastachán reatha beidh sé teoranta

5.4. Ceangaltán 4: Ranníocaíochtaí na mBallstát agus na Ríochta Aontaithe le haghaidh 2026 (EUR) leis an gCoimisiún *

NA BALLSTÁIT & AN RÍOCHT AONTAITHE	Scála an 11ú CEF (%)	An chéad tráthchuid	An dara tráthchuid	An tríú tráthchuid	Iomlán le haghaidh 2026
AN BHEILG	3.24927	9 747 810	8 123 175	4 873 905	22 744 890
AN BHULGÁIR	0.21853	655 590	546 325	327 795	1 529 710
AN tSEICIA	0.79745	2 392 350	1 993 625	1 196 175	5 582 150
AN DANMHAIRG	1.98045	5 941 350	4 951 125	2 970 675	13 863 150
AN GHEARMÁIN	20.57980	61 739 400	51 449 500	30 869 700	144 058 600
AN EASTÓIN	0.08635	259 050	215 875	129 525	604 450
ÉIRE	0.94006	2 820 180	2 350 150	1 410 090	6 580 420
AN GHRÉIG	1.50735	4 522 050	3 768 375	2 261 025	10 551 450
AN SPÁINN	7.93248	23 797 440	19 831 200	11 898 720	55 527 360
AN FHRAINC	17.81269	53 438 070	44 531 725	26 719 035	124 688 830
AN CHRÓIT	0.22518	675 540	562 950	337 770	1 576 260
AN IODÁIL	12.53009	37 590 270	31 325 225	18 795 135	87 710 630
AN CHIPIR	0.11162	334 860	279 050	167 430	781 340
AN LAITVIA	0.11612	348 360	290 300	174 180	812 840
AN LIOTUÁIN	0.18077	542 310	451 925	271 155	1 265 390
LUCSAMBURG	0.25509	765 270	637 725	382 635	1 785 630
AN UNGÁIR	0.61456	1 843 680	1 536 400	921 840	4 301 920
MÁLTA	0.03801	114 030	95 025	57 015	266 070
AN ÍSILTÍR	4.77678	14 330 340	11 941 950	7 165 170	33 437 460
AN OSTAIR	2.39757	7 192 710	5 993 925	3 596 355	16 782 990
AN PHOLAINN	2.00734	6 022 020	5 018 350	3 011 010	14 051 380
AN PHORTAINGÉIL	1.19679	3 590 370	2 991 975	1 795 185	8 377 530
AN RÓMÁIN	0.71815	2 154 450	1 795 375	1 077 225	5 027 050
AN tSLÓIVÉIN	0.22452	673 560	561 300	336 780	1 571 640
AN tSLÓVAIC	0.37616	1 128 480	940 400	564 240	2 633 120
AN FHIONLAINN	1.50909	4 527 270	3 772 725	2 263 635	10 563 630
AN tSUALAINN	2.93911	8 817 330	7 347 775	4 408 665	20 573 770
AN RÍOCHT AONTAITHE	14.67862	44 035 860	36 696 550	22 017 930	102 750 340
IOMLÁN – AE-27 & AN RÍOCHT AONTAITHE**	**100.00**	**300 000 000**	**250 000 000**	**150 000 000**	**700 000 000**

* Ghlaoigh BEI a sciar uile den 11ú CEF in 2025.

** Méid na ranníocaíochtaí a chuirtear i láthair sa tábla, ní chuimsítear ann aisíoc chistí saortha an 9ú CEF leis na Ballstáit agus leis an Ríocht Aontaithe; ná aisíoc chistí saortha an 10ú agus an 11ú CEF leis an Ríocht Aontaithe.

5.5. Ceangaltán 5: Ranníocaíochtaí na mBallstát agus na Ríochta Aontaithe le haghaidh 2027 (EUR) leis an gCoimisiún *

NA BALLSTÁIT & AN RÍOCHT AONTAITHE	Scála an 11ú CEF (%)	An chéad tráthchuid	An dara tráthchuid	An tríú tráthchuid	Iomlán le haghaidh 2027
AN BHEILG	3.24927	6 498 540	5 198 832	3 249 270	14 946 642
AN BHULGÁIR	0.21853	437 060	349 648	218 530	1 005 238
AN tSEICIA	0.79745	1 594 900	1 275 920	797 450	3 668 270
AN DANMHAIRG	1.98045	3 960 900	3 168 720	1 980 450	9 110 070
AN GHEARMÁIN	20.57980	41 159 600	32 927 680	20 579 800	94 667 080
AN EASTÓIN	0.08635	172 700	138 160	86 350	397 210
ÉIRE	0.94006	1 880 120	1 504 096	940 060	4 324 276
AN GHRÉIG	1.50735	3 014 700	2 411 760	1 507 350	6 933 810
AN SPÁINN	7.93248	15 864 960	12 691 968	7 932 480	36 489 408
AN FHRAINC	17.81269	35 625 380	28 500 304	17 812 690	81 938 374
AN CHRÓIT	0.22518	450 360	360 288	225 180	1 035 828
AN IODÁIL	12.53009	25 060 180	20 048 144	12 530 090	57 638 414
AN CHIPIR	0.11162	223 240	178 592	111 620	513 452
AN LAITVIA	0.11612	232 240	185 792	116 120	534 152
AN LIOTUÁIN	0.18077	361 540	289 232	180 770	831 542
LUCSAMBURG	0.25509	510 180	408 144	255 090	1 173 414
AN UNGÁIR	0.61456	1 229 120	983 296	614 560	2 826 976
MÁLTA	0.03801	76 020	60 816	38 010	174 846
AN ÍSILTÍR	4.77678	9 553 560	7 642 848	4 776 780	21 973 188
AN OSTAIR	2.39757	4 795 140	3 836 112	2 397 570	11 028 822
AN PHOLAINN	2.00734	4 014 680	3 211 744	2 007 340	9 233 764
AN PHORTAINGÉIL	1.19679	2 393 580	1 914 864	1 196 790	5 505 234
AN RÓMÁIN	0.71815	1 436 300	1 149 040	718 150	3 303 490
AN tSLÓIVÉIN	0.22452	449 040	359 232	224 520	1 032 792
AN tSLÓVAIC	0.37616	752 320	601 856	376 160	1 730 336
AN FHIONLAINN	1.50909	3 018 180	2 414 544	1 509 090	6 941 814
AN tSUALAINN	2.93911	5 878 220	4 702 576	2 939 110	13 519 906
AN RÍOCHT AONTAITHE	14.67862	29 357 240	23 485 792	14 678 620	67 521 652
IOMLÁN – AE-27 & AN RÍOCHT AONTAITHE**	**100.00**	**200 000 000**	**160 000 000**	**100 000 000**	**460 000 000**

* Ghlaoigh BEI a sciar uile den 11ú CEF in 2025

** Méid na ranníocaíochtaí a chuirtear i láthair sa tábla, ní chuimsítear ann aisíoc féideartha chistí saortha an naoú CEF leis na Ballstáit agus leis an Ríocht Aontaithe; ná aisíoc chistí saortha an 10ú agus an 11ú CEF leis an Ríocht Aontaithe.

5.6. Ceangaltán 6: Ranníocaíochtaí na mBallstát agus na Ríochta Aontaithe le haghaidh 2026 (EUR) leis an gCoimisiún*

NA BALLSTÁIT & AN RÍOCHT AONTAITHE	Scála an 11ú CEF (%)	Ranníocaíochtaí CEF leis an gCoimisiún le haghaidh an 11ú CEF			
		2026	2027	2028	2029
AN BHEILG	3.24927	22 744 890	14 946 642	12 997 080	9 747 810
AN BHULGÁIR	0.21853	1 529 710	1 005 238	874 120	655 590
AN tSEICIA	0.79745	5 582 150	3 668 270	3 189 800	2 392 350
AN DANMHAIRG	1.98045	13 863 150	9 110 070	7 921 800	5 941 350
AN GHEARMÁIN	20.57980	144 058 600	94 667 080	82 319 200	61 739 400
AN EASTÓIN	0.08635	604 450	397 210	345 400	259 050
ÉIRE	0.94006	6 580 420	4 324 276	3 760 240	2 820 180
AN GHRÉIG	1.50735	10 551 450	6 933 810	6 029 400	4 522 050
AN SPÁINN	7.93248	55 527 360	36 489 408	31 729 920	23 797 440
AN FHRAINC	17.81269	124 688 830	81 938 374	71 250 760	53 438 070
AN CHRÓIT	0.22518	1 576 260	1 035 828	900 720	675 540
AN IODÁIL	12.53009	87 710 630	57 638 414	50 120 360	37 590 270
AN CHIPIR	0.11162	781 340	513 452	446 480	334 860
AN LAITVIA	0.11612	812 840	534 152	464 480	348 360
AN LIOTUÁIN	0.18077	1 265 390	831 542	723 080	542 310
LUCSAMBURG	0.25509	1 785 630	1 173 414	1 020 360	765 270
AN UNGÁIR	0.61456	4 301 920	2 826 976	2 458 240	1 843 680
MÁLTA	0.03801	266 070	174 846	152 040	114 030
AN ÍSILTÍR	4.77678	33 437 460	21 973 188	19 107 120	14 330 340
AN OSTAIR	2.39757	16 782 990	11 028 822	9 590 280	7 192 710
AN PHOLAINN	2.00734	14 051 380	9 233 764	8 029 360	6 022 020
AN PHORTAINGÉIL	1.19679	8 377 530	5 505 234	4 787 160	3 590 370
AN RÓMÁIN	0.71815	5 027 050	3 303 490	2 872 600	2 154 450
AN tSLÓIVÉIN	0.22452	1 571 640	1 032 792	898 080	673 560
AN tSLÓVAIC	0.37616	2 633 120	1 730 336	1 504 640	1 128 480
AN FHIONLAINN	1.50909	10 563 630	6 941 814	6 036 360	4 527 270
AN tSUALAINN	2.93911	20 573 770	13 519 906	11 756 440	8 817 330
AN RÍOCHT AONTAITHE	14.67862	102 750 340	67 521 652	58 714 480	44 035 860
IOMLÁN – AE-27 & AN RÍOCHT AONTAITHE**	**100.00**	**700 000 000**	**460 000 000**	**400 000 000**	**300 000 000**

* Ghlaoigh BEI a sciar uile den 11ú CEF in 2025

** Méid na ranníocaíochtaí a chuirtear i láthair sa tábla, ní chuimsítear ann aisíoc chistí saortha an naoú CEF leis na Ballstáit agus leis an Ríocht Aontaithe; ná aisíoc chistí saortha an 10ú agus an 11ú CEF leis an Ríocht Aontaithe.